



Tuiscint & forbairt foclóra

Focail agus frásaí a bhaineann le trua, bá, comhbhá agus comhbhrón a léiriú



Feasacht teanga

Sula vs roimh;
Ainmneacha sa Ghaeltacht



Scileanna cumarsáide

Ag léiriú trua, comhbhá agus comhbhrón

A: TUISCINT AGUS FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

Féach siar ar an mír físe, más gá, chun cabhrú leat na bearnaí sa chomhrá a líonadh.

beirt brón	ní maith liom an créatúirín	trua é liom
------------	-----------------------------	-------------

Niall: Tá Liam Óg tinn.

Bobbi Lee: Ó *no*, _____.

Niall: Níl mé ach i ndiaidh téacs a fháil anois díreach ón scoil.

Bobbie Lee: Is mór an _____ sin anois. Breathnaigh, cuirfidh mé ar ceal é.

Máire: Shílfeá nach ndeachaigh an lón le Réiltín chomh maith sin.

Laoise: Muise. D'fhéadfá a rá. Nár léigh sí ar 'Fiosrach' go raibh muid ag dul a phósadh sula raibh seans agam féin agus Micheál a rá léi.

Máire: Ó ná habair _____ é.

Micheál: *Ah*, chuala mé go raibh gaol agat leis an gcorp, bhuel ní corp ach an *skeleton* a fuair siad thuas ar an *site*?

Caitriona: Is é mo sheanuncail a bhí ann.

Micheál: Ó, _____ é sin a chloisteáil.

Caitriona: Tá _____ againn ann.

Micheál: Cén t-ainm a bhí air ?

Caitriona: Johnny Mhaidhc Mheaig.

Sonny: Tá leasmhac liomsa, Cam, i bpríosún mar gheall air sin.

Diana: Sonny, tá _____ orm é sin a chloisteáil.

2. Comhchiallaigh

Aimsigh na focail sa chomhrá a bhfuil an chiall chéanna acu leis na focail seo thíos:

breoite	
tar éis	
amharc	
duine muinteartha	

3. Leas-

Scríobh an leagan Gaeilge de na focail thíos sa cholún ar dheis.

stepson	leasmhac
stepdaughter	
stepmother	
stepfather	

B: FEASACHT TEANGA

1. Sula vs roimh

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna seo le chéile:

- a) Cén difríocht atá idir ‘roimh’ agus ‘sula’? Féachaigí ar na samplaí thíos chun cuidiú libh an plé a dhéanamh.

‘...**sula** raibh seans agam féin agus Micheál a rá léi.’

vs

Tháinig Micheál isteach **roimh** Sheán.

- b) Samhlaígí gur múinteoirí sibh agus go gcaithfidh sibh na rialacha a bhaineann le **roimh** agus **sula** a mhíniú.

- I. Cathain a úsáidtear ‘sula’ agus ‘roimh’? Tabhair samplaí.
- II. An bhféadfadh sibh na rialacha gramadaí a bhaineann leis na focail sin a mhíniú dá chéile?

(Leid: Conas a athraíonn na focail a leanann ‘sula’ agus ‘roimh’? Céard a tharlaíonn do ‘sula’ san aimsir chaite?)

- c) Aistrígí na habairtí thíos go Gaeilge:

Do you watch TV before dinner?	
I met him before we went to class.	
I'll eat before I meet you.	
She came just before Máire.	
She called him before she met him.	
Go before you lose your courage.	
I'm usually asleep before midnight.	

2. Ainmneacha Gaeltachta

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna seo le chéile. Féachaigí siar ar an bhfíseán, más gá:


- a) Conas a dhéanfadh sibh cur síos ar an gcóras a úsáidtear sna Gaeltachtaí chun ainmneacha a thabhairt ar dhaoine? Féachaigí ar na samplaí seo arís, a bhí le feiceáil san fhíseán.

Nan Tom Taimín


Máirtín Tom Sheáinín

Seán Bán Breathnach

- b) Cén fáth a bhfuil a leithéid de chóras ann, dar libh?
c) Cad iad cuid de na hainmneacha a d'fheadfadh a bheith ar Johnny thíos? Scríobhaigí sa bhosca ar dheis iad.



- d) Cad iad cuid de na hainmneacha a d'fheadfadh a bheith ar Áine thíos? Scríobhaigí sa bhosca ar dheis iad. (Tá gruaig fhionn uirthi.)



C: CUMARSÁID

1. Frásaí chun comhbhá agus comhbhrón a léiriú

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceistanna le chéile.

- a) Bhí go leor frásaí san fhíseán a théann leis an mbileog seo. Is bealaí iad chun comhbhá a léiriú le duine atá tinn nó comhbhrón a dhéanamh le duine nuair a bhíonn scéala báis i gceist. An cuimhin libh iad? Scríobhaigí sa tábla thíos iad.

Frásaí chun comhbhá a léiriú le duine atá tinn	Frásaí chun comhbhrón a dhéanamh le duine agus scéala báis i gceist

- b) Bíonn orainn comhbhá a léiriú le daoine go minic i gcomhthéacsanna éagsúla. Scríobhaigí síos na frásaí a bheadh úsáideach le comhbhá a léiriú sna comhthéacsanna seo:

Nuair a theipeann ar chara leat i scrúdú	Nuair a deir cara leat go bhfuil deireadh tagtha lena c(h)aidreamh

2. Rólghníomhaíochtaí

Bígí ag obair in bhur mbeirteanna. Tugaigí faoi na rólghníomhaíochtaí thíos. Bainigí úsáid as na frásaí úsáideacha thuas le linn na gníomhaíochta.

Duine A: Theip ort sa scrúdú tiomána den tríú huair. Tá an ceadúnas ag teastáil do do phost nua. Níl go leor airgid agat le tuilleadh ceachtanna a dhéanamh.

Duine B: Theip ar chara leat ina scrúdú tiomána den tríú huair. Léirigh comhbhá leis/léi agus pléigh na roghanna eile atá acu anois.



Duine A: Is cúl báire tú ar an bhfoireann áitiúil peil Ghaelach. Chaill sibh cluiche an-tábhachtach agus níor imir tú féin go maith. Mothaíonn tú gur loic tú ar an bhfoireann.

Duine B: Is bainisteoir tú ar an bhfoireann áitiúil peil Ghaelach. Chaill sibh cluiche an-tábhachtach agus ba mhaith leat sólás a thabhairt don chúl báire agus é a ghríosú. Tá go leor cluichí eile le buachan amach anseo.



Duine A: Ba mhaith le do pháirtí deireadh a chur leis an gcaidreamh. Ní aontaíonn tú leo agus tá tú croíbhriste. Cuireann tú gloach ar do dheirfiúr.

Duine B: Faigheann tú gloach ó do dheirfiúr agus í trína chéile mar ba mhaith lena páirtí deireadh a chur leis an gcaidreamh. Síleann tú féin gur smaoineamh iontach atá ann mar ní maith leat an duine seo. Léirigh comhbhá le do dheirfiúr mar sin féin.



Duine A: Bhí tú an-tógtha le do mhadra agus bhí sé agat le blianta. Fuair sé bás aréir agus tá do chroí cráite.

Duine B: Chuala tú go bhfuil madra do dhearthár tar éis bás a fháil agus ba mhaith leat do chomhbhrón a chur in iúl dó.

3. Ag scríobh cárta comhbhróin

Fuair athair comharsan leat bás ar na mallaibh. Scríobh cárta comhbhróin chuig do chomharsa.



FREAGRAÍ

A: TUISCINT & FORBAIRT FOCLÓRA

1. Líon na bearnaí

Féach:

Niall:	Tá Liam Óg tinn.
Bobbi Lee:	Ó <i>no</i> , an créatúirín.
Niall:	Níl mé ach i ndiaidh téacs a fháil anois díreach ón scoil.
Bobbie Lee:	Is mór an trua é sin anois. Breathnaigh, cuirfidh mé ar ceal é.
Máire:	Shílfeá nach ndeachaigh an lón le Réiltín chomh maith sin.
Laoise:	Muise. D'fhéadfá a rá. Nár léigh sí ar 'Fiosrach' go raibh muid ag dul a phósadh sula raibh seans agam féin agus Micheál a rá léi.
Máire:	Ó ná habair liom é.
Micheál:	Ah, chuala mé go raibh gaol agat leis an gcorp, bhuel ní corp ach an <i>skeleton</i> a fuair siad thuas ar an <i>site</i> ?
Caitriona:	Is é mo sheanuncail a bhí ann.
Micheál:	Ó, ní maith liom é sin a chloisteáil.
Caitriona:	Tá beirt againn ann.
Micheál:	Cén t-ainm a bhí air?
Caitriona :	Johnny Mhaidhc Mheaig.
Sonny:	Tá leasmhac liomsa, Cam, i bpríosún mar gheall air sin.
Diana:	Sonny, tá brón orm é sin a chloisteáil.

2. Comhchiallaigh

Féach:

breoite	tinn
tar éis	i ndiaidh
amharc	breathnaigh
duine muinteartha	gaol

3. Leas-

Féach:

stepson	leasmhac
stepdaughter	leasiníon
stepmother	leasmháthair
stepfather	leasathair

B: FEASACHT TEANGA

1. Sula vs roimh

a) Féach:

sula raibh seans agam féin agus Micheál a rá léi = **before** myself and Micheál had a chance to tell her

(úsáidtear **sula** roimh bhriathar chun *before* a chur in iúl)

vs

Tháinig Micheál isteach **roimh** Sheán = Micheál came in **before** Seán.

(úsáidtear **roimh** roimh ainmfhocal chun *before* a chur in iúl)

b) Féach:

- I. Baintear úsáid as **sula** nó **sular** roimh bhriathar chun *before* a chur in iúl. Baintear úsáid as **roimh** roimh ainmfhocal chun *before* a chur in iúl. Mar shampla:

Briathar:

Léigh mé an leabhar **sula bhfaca** mé an scannán.

D'úsáid mé é gach maidin **sular bhris** mé é.

Bíonn cupán caife sa leaba agam gach maidin **sula n-éirím**.

Ainmfhocal:

Bím san obair **roimh Cholm** gach maidin.

Fáilte a chur **roimh dhuine**.

Tá eagla air **roimh mhadraí**.

- II. Baintear úsáid as **sula** (+ urú) san aimsir láithreach, san aimsir fháistineach, sa mhodh coinníollach agus le 6 bhriathar neamhrialta san aimsir chaite: sula ndúirt/raibh/ndearna/bhfuair/bhfaca/ndeachaigh. Baintear úsáid as **sular** (+ séimhiú) leis na briathra eile ar fad san aimsir chaite.

Baintear úsáid as **roimh** roimh ainmfhocail agus cuirtear séimhiú ar ainmfhocail dar tús consan.

Nóta: Is féidir 'roimh' a chur le hainm briathartha le hord nó seicheamh a chur in iúl, mar shampla:

Bhí Peadar ann roimh theacht isteach dom.

Chuir sí peitreal sa charr roimh imeacht di.

c) Féach:

Do you watch TV before dinner?	<i>An bhféachann tú ar an teilifís roimh dhinnéar?</i>
I met him before we went to class.	<i>Chas mé leis sula ndeachaigh muid go dtí an rang.</i>
I'll eat before I meet you.	<i>Íosfaidh mé sula mbuailfidh mé leat.</i>
She came just before Máire.	<i>Tháinig sí go díreach roimh Mháire.</i>
She called him before she met him.	<i>Ghlaoigh sí air sular chas sí leis.</i>
Go before you lose your courage.	<i>Imigh leat sula dteipfidh an misneach ort.</i>
I'm usually asleep before midnight.	<i>Bím i mo chodladh roimh mheán oíche de ghnáth.</i>

2. Ainmneacha Gaeltachta

Féach:

a) Is nós é seo atá an-choitianta i gceantair Ghaeltachta, is é sin, ainmneacha baill eile teaghlaigh nó leasainmneacha a úsáid in áit shloinne an duine.

Nan Tom Taimín (Tom a hathair agus Taimín a hathair siúd, b'fhéidir)

Máirtín Tom Sheáinín (Tom a athair agus Séainín a athair siúd, b'fhéidir)

Seán Bán Breathnach (Gruaig fhionn air féin agus ar a mhuintir, b'fhéidir)

b) Bíonn sé seo an-úsáideach, go háirithe le hidirdhealú a dhéanamh idir daoine a bhfuil an sloinne céanna orthu.

c) Johnny Mhaidhc Mheaig, Johnny Róise Pheter, Johnny Rua.

d) Áine Chathail Cháit, Áine Ghráinne Joe, Áine Bhán.

C: CUMARSÁID

1. Frásaí chun comhbhá agus comhbhrón a léiriú

a) Féach:

Frásaí chun comhbhá a léiriú le duine atá tinn	Frásaí chun comhbhrón a dhéanamh le duine agus scéala báis i gceist
<p>Ó <i>no</i>, an créatúirín. Is mór an trua é sin anois. Ó, ná habair liom é. Mo ghraidhin thú Is mór an díol trua thú.</p> <p>Tinneas: Drochdose é sin! Ó, níl tada níos measa!</p> <p>Tá súil agam go dtiocfaidh tú chugat féin arís go luath. Tá súil agam go mbeidh tú ar do sheanléim arís go luath! Tá súil agam go dtiocfaidh biseach air gan mhoill.</p>	<p>Tá mé buartha faoi do thrioblóid. Ní maith liom do bhris. Is oth liom do bhris. Déanaim comhbhrón ó chroí leat. Ar dheis Dé go raibh a anam. Grásta ó Dhia air. Go ndéana Dia a mhaith air. Go ndéana Dia trócaire air. Suaimhneas síoraí dó.</p>

b) Frásaí eile le comhbhá a léiriú:

Nuair a theipeann ar chara leat i scrúdú	Nuair a deir cara leat go bhfuil deireadh tagtha lena c(h)aidreamh
<p>A leithéid de mhí-ádh! Ní ortsa a bhí an locht. Níl aon mhilleán ortsa. Tarlaíonn na rudaí seo. Níl neart air anois. Titeann na rudaí seo amach.</p>	<p>An bómán/pleota sin. Céard sa diabhal a bhí ar intinn aige? Ní réalta amháin atá ar an spéir. Tá tréan cloch sa duirling. Ní raibh siad maith go leor duit.</p>

2. Rólghníomhaíochtaí

Roinn an rang i mbeirteanna arís agus iarr ar na foghlaimeoirí na rólghníomhaíochtaí a dhéanamh le chéile. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo. Iarr ar fhoghlaimeoirí éagsúla na comhráite a dhéanamh os comhair an ranga.

3. Ag scríobh cárta comhbhróin

Iarr orthu na cártaí a scríobh ina n-aonar ar dtús agus ansin na cártaí a chur i gcomparáid le cártaí na bhfoghlaimeoirí eile ansin.

AN SCRIPT

Intreoir

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún, Sraith 2, Ceacht 11. Ó an créatúirín – ag freagairt do dhrochscéala.

Ní bhíonn sé éasca i gcónaí teacht ar na focail chearta chun trua nó comhbhrón a chur in iúl do dhuine atá i gcruachás. *It's not always easy to know what to say when someone shares bad news. It can be difficult to express empathy appropriately, especially in a language that's not our mother tongue.* Sa cheacht seo, le cuidiú ó mhuintir Ros na Rún, caithfidh muid spotsolas ar an teanga a bhaineann leis an ghné thábhachtach sin den chumarsáid.

Féach ar dtús ar na míreanna seo, ina bhfuil Bobbi Lee ag léiriú trua do Liam Óg agus é tinn, Máire ag léiriú go bhfuil bá aici le Laoise faoina caidreamh le Réiltín, Micheál ag déanamh comhbhróin le Caitriona faoi bhás a huncail, agus Diana ag léiriú comhbhá le Sonny faoi chás a leasmhic. Ná bí buartha mura dtuigeann tú gach rud. Rachaidh muid tríd céim ar chéim ar ball.

An mhír físe ó Ros na Rún

Niall: Tá Liam Óg tinn.

Bobbi Lee: Ó *no*, an créatúirín.

Niall: Níl mé ach i ndiaidh téacs a fháil anois díreach ón scoil.

Bobbie Lee: Is mór an trua é sin anois. Breathnaigh, cuirfidh mé ar ceal é.

Máire: Shílfeá nach ndeachaigh an lón le Réiltín chomh maith sin.

Laoise: Muise. D'fhéadfá a rá. Nár léigh sí ar 'Fiosrach' go raibh muid ag dul a phósadh sula raibh seans agam féin agus Mícheál a rá léi.

Máire: Ó ná habair liom é.

Mícheál: *Ah*, chuala mé go raibh gaol agat leis an gcorp, bhuel ní corp ach an *skeleton* a fuair siad thuas ar an *site*?

Caitriona: Is é mo sheanuncail a bhí ann.

Mícheál: Ó, ní maith liom é sin a chloisteáil.

Caitriona: Tá beirt againn ann.

Mícheál: Cén t-ainm a bhí air?

Caitriona: Johnny Mhaidhc Mheag.

Sonny: Tá leasmhac liomsa, Cam, i bprósún mar gheall air sin.

Diana: Sonny, tá brón orm é sin a chloisteáil.

Ar thuig tú?

- Ó *no*, an créatúirín. – *Oh no, the poor wee creature.*
- Is mór an trua é sin anois. – *That's a real shame. Isn't that a pity now?*
- Shílfeá, *it seems.*
- Muise. D'fhéadfá a rá. – *Yeah, sure. You could say that.*
- Ó ná habair liom é! – *Oh don't tell me!*
- Gaol, *relation.*
- Cnámharlach, *skeleton*. Tá gaol ag Caitriona leis an chnámharlach.
- Ní maith liom é sin a chloisteáil. – *I'm sorry to hear that.*
- *That makes two of us*, a deir Caitriona. – Tá beirt againn ann.
- Tá leasmhac Sonny i bpríosún agus 'tá brón orm é sin a chloisteáil,' a deir Diana.

Spotsolas ar an gcumarsáid

Caithfidh muid spotsolas anois ar na frásaí a úsáidtear chun comhbhá agus comhbhrón a léiriú. Is minic a bhíonn orainn comhbhrón a dhéanamh le duine – nuair atá duine tinn, mar shampla, nó nuair a bhíonn scéala báis i gceist. An cuimhin leat cad a dúirt Bobbi Lee arís, nuair a chuala sí go raibh Liam Óg tinn?

Ó *no*, an créatúirín.

Is mór an trua é sin anois.

Seo cúpla frása eile a deirtear go minic nuair atá duine tinn:

Ó ná habair liom é. (mar a bhí ag Máire) – *Don't tell me.*

Mo ghraidhin thú – *You poor thing.*

Is mór an díol trua thú – *You are to be pitied.*

Drochdose é sin! – *That's a terrible dose.*

Ó níl tada níos measa! – *Oh, there's nothing worse.*

Tá súil agam go dtiocfaidh tú chugat féin arís go luath. – *I hope you'll be better soon.*

Tá súil agam go mbeidh tú ar do sheanléim arís go luath!

Tá súil agam go dtiocfaidh biseach ort gan mhoill.

Baintear úsáid as réim theanga níos foirmiúla i gcomhráite deacra nuair a bhíonn an bás á phlé. *There are certain phrases that are used in every language to express condolences when someone dies and these phrases make the difficult conversation easier.* Díreach mar a dúirt Micheál nuair a dúirt sé, 'Ní maith liom é sin a chloisteáil'. Agus Diana, 'Tá brón orm é sin a chloisteáil'. Seo cúpla sampla eile:

Tá mé buartha faoi do thrioblóid – *I'm sorry for your troubles.*

Ní maith liom do bhris. – *I'm sorry for your loss.*

Is oth liom do bhris. – *I'm sorry for your loss.*

Déanaim comhbhrón ó chroí leat. – *I sympathise from the bottom of my heart.*

Bíonn teanga ar leith a bhaineann leis an bhás in achán chultúr agus tá tionchar an chreidimh le sonrú ar na frásaí a úsáideann muidne anseo in Éirinn. *In Ireland the language around death often has religious references.* Féach:

May he rest in peace:

Ar dheis Dé go raibh a anam.

Grásta ó Dhia air.

Go ndéana Dia a mhaith air.

Go ndéana Dia trócaire air. Suaimhneas síoraí dó.

Ar thug tú faoi deara?

Ar thug tú faoi deara an t-ainm a bhí ar sheanuncail Chaitríona?

Johnny Mhaidhc Mheag

Cén fáth a raibh an t-ainm sin air, meas tú? Bhuel, is dócha gurbh é Maidhc an t-ainm a bhí ar athair Johnny agus gurbh í Meag a sheanmháthair. Dá mbeadh deirfiúr ag Johnny darbh ainm Síle, is dócha gur Síle Mhaidhc Mheag a bheadh uirthi siúd.

Is nós é seo atá an-choitianta i gceantair Ghaeltachta, is é sin, ainmneacha baill eile teaghlaigh nó leasainmneacha a úsáid in áit shloinne an duine. Bíonn sé seo an-úsáideach, go háirithe le hidirdhealú a dhéanamh idir daoine a bhfuil an sloinne céanna orthu.

Féach arís ar an chrann ginealaigh atá ag Johnny Mhaidhc Mheag. Cad iad na hainmneacha eile a d'fhéadfadh a bheith air?

Dá mbeadh an t-ainm 'Róise' ar mháthair Johnny agus Peter ar a hathair siúd, d'fhéadfaí Johnny Róise Pheter a thabhairt air chomh maith céanna. Dá mbeadh gruaig rua air, b'fhéidir gur Johnny Rua a thabharfadh daoine air. Agus, dá mbeadh aithne faoi leith air mar gheall ar an phost a bhí aige, b'fhéidir go mbeadh sé sin mar chuid den ainm a bheadh air go háitiúil - Johnny an máistir, cuir i gcás.

Féach ar na hainmneacha cáiliúla seo anois:

Máirtín Tom Sheáinín

Seán Bán Breathnach

Nan Tom Taimín

Cén t-ainm Gaeltachta a bheadh ort féin? Is mise Úna Nancy Tom. Le tuilleadh eolais a fháil faoi ábhar an cheachta seo téigh go dtí snas.ie.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELIGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

